



Provided by the author(s) and NUI Galway in accordance with publisher policies. Please cite the published version when available.

Title	Cathal Ó Searcaigh agus Ceist na Canúna
Author(s)	Mac Congáil, Nollaig
Publication Date	2007
Publication Information	Mac Congáil, N. (2007) Cathal Ó Searcaigh agus Ceist na Canúna in Feasta (Nollaig, 2007) 19-24, (Eanáir, 2008) 19-21.
Item record	<a href="http://hdl.handle.net/10379/1511">http://hdl.handle.net/10379/1511</a>

Downloaded 2017-11-01T01:20:17Z

Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.



# *Cathal Ó Searcaigh agus Ceist na Canúna*

*'Canúint Ghlas na nGabháltas'*<sup>1</sup>

Nollaig Mac Congáil

Is fada anois ó chuir Seosamh Mac Grianna an cheist ‘nár bh í nádúir an Éireannaigh a bheith dlisteanach dá chúige féin, dá chontae féin, dá chreideamh féin?’<sup>2</sup> B’fhéidir, chomh fada is a bhaineas an scéal leis na scríbhneoirí Conallacha Gaeilge de, go bhféadfaí aguisín a chur leis an cheist chéanna agus a fhiafraí: ‘Nach í nádúir an Éireannaigh a bheith dlisteanach dá chanúint féin?’

Is fada ceist na canúna agus na gcanúintí ina cnámh spáirne agus ina hábhar maicín i measc lucht na Gaeilge i gcoitinne gan trácht ar chor ar bith ar lucht saothraithe na litríochta. Ní hiontas sin agus go ndearnadh ciolar chiot de theanga oifigiúil na Gaeilge na céadta bliain ó shin agus gur tugadh cead a gcinn do na cúigí treabhadh leo ar a mbealach féin ar neamhchead dá chéile nó do theanga lárnach a choinneodh ar an iomaire chéanna iad. Nuair a cromadh ar cheist na teanga a phlé i ndáiríre ag deireadh an naoú haois déag, chuir achan pharóiste agus achan leathpharóiste, achan chontae agus achan chúige, chuir siad uilig go láidir ar a son féin. Ní raibh aon dream sásta a chnámh a ligean leis an mhadadh. Is maith mar a chuireann Niall Ó Dónaill síos ar an scéal:

Ní raibh formhór ár scríbhneoirí ‘dúchasacha’ ach ag iarraidh bheith ag riar ar lucht a mbaile fearainn féin. Bhí manadh na ngallóglach anallód acu: ‘gach fear is a dhomhan féin.’ Scríobh siad do thuataí fá shaol thuatúil, agus thug a ngaolthuataí breithiúnas ar a saothar liteartha dóibh. Ba é an barrteastas ar leabhar acu go mbeadh an té nach raibh riamh ar scoil ábalta a rá, nuair a léifí dó í, nach raibh aon fhocal ná aon leagan cainte inti ach go díreach mar thiocfadh as a bhéal féin. Ba é an cartúr litríochta a bhí acu go dtug siad an Ghaeilg ón chliabhán leo.<sup>3</sup>

Is minic a chonacthas a chruthú sin i litríocht na Gaeilge ó thús na hAthbheochana. Cuimhnítear ar an teist a cuireadh le *Séada* nuair a cuireadh os comhair an phobail an chéad lá riamh é:

<sup>1</sup> 'Anseo ag Stáisiún Chaiseal na gCorr' in Cathal Ó Searcaigh, *Suibhne* (Coiscéim, 1987) 47.

<sup>2</sup> *Mo Bhealach Féin* (An Gúm, 1965) 35.

<sup>3</sup> *Forbairt na Gaeilge* (Sáirséal agus Dill, 1951) 13-4.

*We wish to direct the attention of students to the following specimen of Munster Irish, one of the best samples, if not the very best, of Southern popular Gaelic that has ever been printed.*<sup>4</sup>

I rith an chéid seo caite, cha raibh na scríbhneoirí Conallacha fuar ná falsa san obair seo ná i gcur os ard ná chun cinn a gcanúna féin. Bhí siad chomh hard glór le dream as cúige ar bith eile. Cuimhnítear ar an tseanghlúin de laochra liteartha Dhún na nGall agus aithneofar láithreach gur sheas siad an fód go láidir ar son chanúint Dhún na nGall. Ina measc, bhí Séamus Ó Grianna, Seosamh Mac Grianna, Seán Bán Mac Meanman agus Fionn Mac Cumhaill. Is spéisiúil an rud é nach raibh Seán Bán Mac Meanman chomh tréamanta ina chuid barúlacha i dtús ama faoi cheist na canúna:

I dtaoibh na canamhna tá súil agam go dtuigfidh an Muimhneach a's an Connachtach an chainnt chomh réidh agus chomh maith leis an Ultach nó an Iniscaoileach. Ba deacair aontughadh leis na sgríbhneoiridhibh sin nach dtógann súil ó n-a gceanntar nó a bparóiste féin, a's a fhágas canamhain na gceanntar nGaedhealach eile ar dearmad. Tig le duine úsáid do dhéanamh de choraibh cainnte agus d'abairteachaibh a chúigídh féin agus ins an am cheudna gleus labhartha agus caoi focal na gcúigeadh n-eile do tharraingt asteach nuair bhíos siad-seo ceart do réir litridheachta.<sup>5</sup>

Ar thoradh moille, fuair Seán Bán réidh le *do* in áit *a* agus d'fhág an mhír chaite (*do bhí* srl.) agus foirmeacha táite (*chualas, bhíos* srl.) nuair a rinneadh é a athbhaisteadh i gcreideamh na canúna. Caithfear cuimhneamh, áfach, go raibh Seán ag scríobh i bhfolús ar bhealach óir bhí an saothar sin ar leabhair luatha Ghaeilge Dhún na nGall agus ní raibh de shampla liteartha roimhe mar mhúnla ach leabhair na hAthbheochana. Ní hiontas ar bith go ndearna sé aithris áirithe ar an chineál Gaeilge a chonaic sé á chleachtadh ag lucht léinn agus scríofa na Gaeilge.

Séamus Ó Grianna ba láidre agus ba bhuaine a chuir ar son chanúint Dhún na nGall. Caint dhúchasach na Gaeltachta – teanga na ndaoine – agus Gaeilge na Leabhar an rosc catha a bhí aige agus chuir sé an lasóg sa bharrach ar *Fáinne an Lae* sa bhliain 1918.

Ar na mallaibh bhí mé ag amharc fríd na páipéir a mbíonn beagán Gaeilge iontu agus is iomaí rud a chonaic mé a thug orm gan iontas ar bith a chur ins na seandaoine nuair a deir siad go bhfuil dhá chineál Gaeilge ann, Gaeilig na ndaoine agus Gaeilig na leabharthach.

<sup>4</sup> *Irisleabhar na Gaedhilge* Uimh. 8 Iml. 5 (Samhain, 1894) 116.

<sup>5</sup> An réamhrá don chéad eagrán dá leabhar *Sgéalta Goiride Geimhridh* (Preas Dhún Dealgan, 1915).

Gan bhréig gan mhagadh, tá an dá chineál ann agus cé acu atá ag gabháil a bheith againn? Cad é an t-iomaire atá romhainn le treabhadh? Teangaidh na tíre a thabhairt ar ais, an ea? Nó culaith Ghaeilge a chur ar an Bhéarla agus a bheith sásta leis an méid sin? Achan duine foclóir a fháil agus Gaeilge a chuartú fá choinne gach focailín Béarla dá bhfuil aige?

Tá cuid mhór den chineál seo Gaeilge ag gabháil ar an tsaol dheireanach seo.<sup>6</sup>

Cothrom na Féinne a thabhairt do pháiste dhlisteanach na Gaeltachta, bíodh sé ina Ultach, ina Chonnachtach nó ina Mhuimhneach, agus an chóch shalach a thabhairt don mhalartán – Gaeilge na leabhar/an Ghaeilge Oifigiúil – an chéad rud a shantaigh Séamus.

*Supposing the country to be free in the near future to take over complete control of its education system, among other things the question is asked now and again whether Ulster, Connaught or Munster Irish is to become the official language of the nation. Personally, I would not mind which of the three was adopted as the official one but, judging from the shadows which we see coming events casting before them it is easy to see that none of the three mentioned dialects will be given the honour. No, the official language of the country is to be the artificial Irish which is now being extensively manufactured in Dublin.*<sup>7</sup>

Ach d'athraigh an port a bheagán nó a mhórán agus shantaigh sé féin agus muintir Dhún na nGall cothrom na Féinne do chanúint Dhún na nGall<sup>8</sup> i saol náisiúnta na Gaeilge. Dar leo go rabhthas ag iarraidh Gaeilge na gcúigí eile a bhrú ar mhuintir na hÉireann agus neamart a dhéanamh i nGaeilge Chúige Uladh. Sin an fáth ar chuir siad cumann dá gcuid féin ar bun, mar atá, *Cumann Liteardhachta Cúigídh Uladh*.

*'At a meeting summoned by the Ulster members of the Coiste Gnotha of the Gaelic League and held in Strabane on the 28th December, 1921, it was decided to form a society to be known as 'Cumann Liteardhachta Cúigídh Uladh' for the furtherance of the Irish Language Movement in Ulster. The following six members - Rev. T. Bradley, Sean Mac Menamin, Sean Mac*

---

<sup>6</sup> *Fáinne an Lae*, 5.10.18, 4. Beidh an aiste seo i gcló in *Scribhinní Mháire 2: Na Blianta Corraha* (Coiscéim, 2003).

<sup>7</sup> *The Derry Journal*, 10.3.22, 7.

<sup>8</sup> Féach, mar shampla, an rún seo a leanas ar glacadh leis ag Dáil Uladh sa bhliain 1920: *The following resolution which had already been forwarded on three different occasions to the Intermediate Board was again re-affirmed and ordered to be published in the Press: The Committee of Dáil Uladh protest on educational grounds against the exclusion of all Connacht and Ulster texts from the junior and middle grade intermediate programme for the coming school year. The Dáil urges earnestly on the Board the necessity for giving alternate texts in junior grade, so as to ensure that Irish children as the foundation of their education in Irish be taught through the medium of texts similar to the Irish they speak. They further urge that in the middle and senior grades Connacht, Munster and Ulster texts be duly represented in the programme as in the University courses (The Derry Journal, 23.7.20, 6).*

Ní théann Séamus Ó Grianna ar chúl scéithe leis an scéal:

*'Generally speaking it is the Munstermen who are making the most noise about standard Irish, because what they mean by standard is nothing more or less than the Cork and Kerry dialect for all Ireland' (The Derry Journal, 22.4.21, 6).*

*Maolain, Seamus O'Grianna, Antoin O'Doherty, Finn Mac Cool - were appointed to edit a series of School Books in Ulster Irish with uniform spelling throughout.*<sup>9</sup>

Tháinig an Saorstát ar an tsaol agus, lena linn, an chríochdheighilt agus bhí na Conallaigh den bharúil gur gearradh amach iad i dtéarmaí polaitiúla ón chuid eile de Chúige Uladh agus scéal cinnte nach raibh mórán airde ag lucht an tSaorStáit orthu ó tharla, mar rud amháin, gur thaobhaigh cuid mhaith de na scríbhneoirí Gaeilge Conallacha le taobh na Poblachta i gCogadh na gCarad. Bhí cinniúint na Gaeilge i seilbh lucht tacaíochta an tSaorStáit, dar leo, agus cha raibh aon dáimh acusan leis na Conallaigh ná lena gcanúint. Cuireann Aindrias Ó Muineacháin síos ar stair na scarúna:

Scaradh agus dealaíodh Gaeil Uladh is Cho. Lú óna gcomhbhráithre Gaeilge sa chuid eile d'Éirinn, agus ó Chonradh na Gaeilge féin, dá ndéarfaí é.

---

<sup>9</sup> *An Crann*, Uimh. 16 (F. Pádraig, 1922). Gan amhras, rinneadh plé ar an cheist roimhe sin. Féach, mar shampla, an píosa seo a leanas ar an *Irish Independent* (5.11.21, 5):  
DÁIL ULADH PROGRESS: No Countenance for Partition in Ireland

Rev. M. Maguire, Kilskeery, presided at the annual meeting of Dáil Uladh, in Clones, at which the following letter was received by Mr. Ó Searcaigh from Most Rev. Dr. O'Donnell:

'A chara, tá mé an-bhuidheach duit air son cuireadh a thabhairt damh chuig cruinniúghadh bliadhantail Dáil Uladh a bhéas i gCluain Eois Dia hAoine seo chugainn. Budh mhaith liom a bheith i láthair ach tá mé ceangailte annseo.

'Bail ó Dhia air an obair agus beannacht Dé air na teachtairidhe – Mise agus meas mór agam ort.'

Most Rev. Dr. MacRory, regretting inability to attend, wrote:

'I note with pleasure that you aim at an effective organisation for all Ulster, and that the Partition absurdity will find no countenance from Dáil Uladh.

'Your efforts on behalf of Ulster Irish have my best wishes and blessing; it is a matter of national importance to preserve the idiom in which the great works of the Four Masters and Bishop Gallagher are enshrined.'

Resolutions adopted included:

- Appointment of a committee consisting of Father McDwyer, Séamus Ó Grianna, Seán Mac Maoláin and Éamonn Ó Tuathail, to get into touch with the Tírconnail Bilingual Association for the publication of school books
- The approaching of the Ulster bishops to appoint a priest to examine Anthony O'Doherty's book of prayers for the purpose of its approval as an official Catholic prayerbook
- Recommending Ulster writers of Irish to follow the spelling of Dinneen's Dictionary as making for greater uniformity
- Demanding as an educational necessity that the children of the province be taught Irish according to Ulster pronunciation and the local forms of the language.

Amongst the speakers were Miss O'Farrelly, M.A.; Rev. P. McGlinchey, St. Columb's College, Derry; Rev. J. McShane, Pres., do.; Rev. P. McCarville, Bundoran; Seán Mac Maoláin, Belfast, and Seán Mac Meanman, Fintown.

B'fhada roimhe sin a bhí a leithéid á thuar, dá dtabharfaí faoi deara é. Riamh geall leis ó bunaíodh Conradh na Gaeilge bhí áitithe ag formhór Ghaeilgeoirí Uladh orthu féin go raibh an saol mór ina gcoinne agus glan in aghaidh an chanúint Ghaeilge a bhí acu, go raibh a gceart á cheilt d'aonghnó orthu. Ar feadh i bhfad ba iad Muimhnigh agus Connachtaigh is mó a bhíodh ag scríobh leabhar – ní nár locht orthu. Ansin, tar éis bhunú an Stáit sa bhliain 1922, agus nuair a ordaíodh nárbh fholáir orduithe agus scríbhinní oifigiúla a chur amach i nGaeilge chomh maith le Béarla, ba ghá foireann aistritheoirí a bheith ann chuige sin. Bunaíodh Rannóg an Aistriúcháin chun obair aistriúcháin an Oireachtais a dhéanamh, agus cuireadh in iúl do na Ranna Stáit go bhféadfaidís leas a bhaint as an Rannóg sin dá mba ghá sin leo. Ar ámharaí nó ar mí-ámharaí an tsaoil, tharla gur dhaoine arbh í canúint na Mumhan ba threise acu a ceapadh ar an bhfoireann aistriúcháin... agus bhí a rian sin, ar ndóigh, ar a dtagadh óna lámha.

É sin go léir, ní foláir – agus a rá gur leabhair le húdair Mhuimhneacha is Chonnachtacha ar fad geall leis a bhíodh mar théacs Gaeilge sna scoileanna – a spreag Ultaigh áirithe chun teacht i gceann a chéile i mBaile Átha Cliath i mí na Nollag 1923 agus Comhaltas Uladh a bhunú d'aonghnó chun 'Gaedhilic Uladh a chur ar aghaidh.'<sup>10</sup>

Ar thoradh moille, bhunaigh siad a n-iris féin, mar atá, *An tUltach*, sa bhliain 1924 agus é mar chuspóir aige litríocht Uladh agus canúint Uladh a chosaint agus a bhuanú. Gan amhras, litríocht agus canúint Dhún na nGall a bhí i gceist ó tharla go raibh deireadh dúile bainte den Ghaeilge sa chuid eile de Chúige Uladh ag an am. Chosain na Conallaigh, agus na scríbhneoirí Conallacha ar thús cadhnaíochta sa ghriolsa i dtólamh, a gcanúint féin go calma neamheaglach as sin amach. Cuimhnítear, mar shampla, ar an tútán a tógadh nuair a foilsíodh *Irish Dialects Past and Present* le T.F. O'Rahilly<sup>11</sup> ó tharla gur chreid na Conallaigh agus na hUltaigh go ndearnadh leithcheal ara gcanúint féin.<sup>12</sup>

<sup>10</sup> *Dóchas agus Duainéis* (Cló Mercier, g.d.) 135-6.

<sup>11</sup> Féach, mar shampla, 'Irish Dialects' in Nollaig Mac Congáil (eag.), *Ailt: Saothar Sheosaimh Mhic Grianna, Cuid a Dó* (Comhaltas Uladh, 1977) 76-8 agus Pól Ó Muirí, *A Flight From Shadow: The Life & Work of Seosamh Mac Grianna* (Lagan Press, 1999) 72 ff. Féach, fosta, ar an téad seo, eagraín éagsúla de *An tUltach* sa bhliain 1932, uimh. 3, 4 srl.

<sup>12</sup> Féach, mar shampla, Nollaig Mac Congáil, *Máire: Clár Saothair* (Coiscéim, 1990) 102 agus Pól Ó Muirí, *A Flight from Shadow: the Life and Work of Seosamh Mac Grianna* (Lagan Press, 1999) 71 ff. Bhí comhfhreagras nimhneach ann ar leathanaigh *Scéala Éireann* i mí Aibreáin, 1935, ar an cheist seo. Ní théann Seán Bán Mac Meanman ar chúl scéithe lena bharúil: 'Má shíleann Seán Tóibín agus a chuid comrádaithe go ngéillfidh na Connachtaigh agus na hUltaigh, is mór atá siad meallta. Má tá géilleadh le bheith ann, cead ag Gaeltacht bhig na Mumhan géilleadh do Ghaeltacht mhóir na Gaillimhe agus do Ghaeltacht mhóir Dhún na nGall,' 'A Literary Partitionist' in *Scéala Éireann* (26.74.35, 4).

[Ar an téad seo, ní miste breathnú ar an tuairisc seo a leanas in irisleabhar na múinteoirí, scríofa ag](#)

[Rúnaí Ginearálta na heagraíochta:](#)

[Books in Donegal Irish: I found in most areas a complaint regarding the scarcity of suitable books in Donegal Irish. The choice, it appears, is considerably limited, and teachers find great difficulty in selecting suitable books. I put it to the Donegal teachers that they should make their voice heard on this matter through their Branches and Co. Committees. The Donegal Gaeltacht is, I understand, by far the most extensive in the country, and it is somewhat surprising to find that there are less books](#)

Cén léamh atá air seo ar fad? Tá, gur dream coimeádach a bhí sna scríbhneoirí Conallacha de thairbhe na Gaeilge de. Is iad is mó a chuir suas don chló Rómhánach agus do chaighdeánú na Gaeilge. Fhad is a mhair sé, mar shampla, char thug Séamus Ó Grianna cead a chuid leabhar a fhoilsiú sa chló Rómhánach ná caighdeánú a dhéanamh orthu – tharla sin i ndiaidh dó bás a fháil. Dhiúltaigh siad fosta do Ghaeilge 'coise maide' mar a bhaist Séamus Ó Grianna uirthi, mar atá, an cineál Gaeilge a bhí gan sú gan seamhair agus a d'fhaibhir sa Ghalltacht agus a bhíothas ag iarraidh a chur in áit Ghaeilge dhúchasach na Gaeltachta. Tréas a bhí ansin, dar leo. Rud beag eile de, bhí cineál Gaeilge á chur chun cinn sa tír de bharr cúinsí polaitíochta nár dhúcha dóibh féin.

Thar aon rud eile, áfach, chuir siad a gcanúint féin chun tosaigh ar an ábhar gur leo féin í, go raibh sí fite fuaite fríd a saol, a gcaint, a bpobal agus a gceantar dúchais. Chuir a mbunús síos ar a gcuid ceantar dúchais féin amháin, ar dhaoine a mhair sna ceantair sin; d'aithris siad caint dhílis na ndaoine sin ina gcuid scríbhneoireachta. Ní hiontas ar bith mar sin go mbeadh siad dlísteanach dá gcanúint dúchais féin agus iad i mbun pinn. Tá sé ar shlí a ráite anseo fosta nár múineadh aon chineál Gaeilge do leithéidí Mháire, Fhinn Mhic Cumhaill ná Sheáin Mhic Mheanman ar an bhunscoil ó tharla nach raibh an Ghaeilge ar chlár na scoile agus iad ar an bhunscoil. Fágann sin nach bhfuarthas greim orthu in am lena múnú, lena dtabhairt chun cineáil, nó, mar a deir an seanfhocal, 'nuair a chríonas an tslat, ní bhíonn uirthi tlacht mar a bhíonn ar ...'

Gan amhras, ní ceart a rá nár tharraing na seanúdair Chonallacha foirm neamhChonallach orthu féin anois is arís, mar a deir Niall Ó Dónaill linn:

Chloíomar (chloígh muid) lenár gcanúintí féin maith go leor san aistriúchán, ach amháin corrfoirm ar leith (mar *chuireamar*) a bhfacthas dúinn go raibh blas níos liteartha orthu. Tharraing muid orainn focla ar bith a bhí ag teastáil uainn le haghaidh an aistriúcháin.<sup>13</sup>

Ach níor mhór an géilleadh a rinne siad dá leithéidí. I ndeireadh a ré scríbhneoireachta, mar shampla, thosaigh foirmeacha táite ar nós *bhíos*, *chualas* srl. a

---

*suitable for schools written in the Northern dialect than in any of the others. I feel sure that several of the teachers whom I met in Donegal would be capable of turning out suitable texts, and if the demand for these books were made known, I have no doubt that the publishers would take steps to cater for it. It is a question I would strongly recommend to the consideration of the Department whose duty it should be to see that a sufficient and varied supply of books is available for the schools in that area. (The Irish School Weekly, 10.8.35, 751).*

<sup>13</sup> Scríobh Niall Ó Dónaill é seo i litir a chuir sé chugam faoi scríbhneoirí Gaeilge Dhún na nGall sa bhliain 1977. (Tá an litir seo i dtaisce i gCnuasach Shéamuis Uí Ghrianna i Leabharlann James Hardiman, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh).

shleamhnú isteach i leabhair Mháire ach is léir gur i nganfhiós dó a tharla sin agus chan dá dheoin.

Is mithid anois súil a chaitheamh ar cheist na canúna i gcás duine de scríbhneoirí comhaimseartha Gaeilge Dhún na nGall. Cathal Ó Searcaigh, file agus cainteoir dúchais ó iarthuaisceart Dhún na nGall a bheas faoi thrácht anseo feasta. Is iomaí saothar filíochta atá i gcló ag Cathal ón chéad cheann *Miontraigéide Cathrach*<sup>14</sup> go dtí an ceann is deireanaí leis *Ag Tnúth leis an tSolais: 1975-2000*.<sup>15</sup> Tháinig sé ar an tsaoil sa bhliain 1956, rud a fhágann bearna mhór aoise agus oiliúna agus léinn idir é féin agus an tseanghlúin scríbhneoirí Conallacha. Tá a shliocht ar a shaothar. Tháinig Cathal faoi thionchar léann agus churaclam na Gaeilge i ré an chaighdeáin agus an chló Rómhánaigh agus, gan amhras, na n-ilmheán cumarsáide abhus in Éirinn agus ar fud na cruinne. Anuas air sin, rinne Cathal freastal ar cheardscoil Ghort an Choirce agus bheifí den bharúil nach raibh béim rómhór ar ábhair thraidisiúnta an léinn ar nós na Gaeilge i gceardscoil. Chomh dócha lena athrach, níor cuireadh a chanúint féin go hoifigiúil ina láthair agus é ar scoil.

Nuair a d'fhág sé an mheánscoil, thug sé a aghaidh ar Luimneach sa bhliain 1973. Bhí sé mar mhac léinn san Fhoras Náisiúnta Um Ard-Oideachas (N.I.H.E.) agus Staidéir Eorpacha ar siúl aige. Bealach léinn as an ghnáth a bhí ansin dá mhacasamhail. Chan amháin go dtug sé a aghaidh ó dheas ach thug sé a shúil agus a chluas ó dheas fosta ó thaobh na filíochta agus na Gaeilge de. Is cóir a rá nár chríochnaigh sé a chúrsa ansin.

Ó thaobh na filíochta de, *Innti*<sup>16</sup> agus bunaitheoirí na hirise sin is mó a chuaigh i bhfeidhm air. Bhain *Innti* le hOllscoil Chorcaí agus Nuala Ní Dhomhnaill, Liam Ó Muirthile, Gabriel Rosenstock<sup>17</sup> agus Michael Davitt is mó a bhí taobh thiar den iris i gcaitheamh na mblianta. Dúradh fúthu seo:

*What they had in common was a commitment to a renewal of Irish-language poetry invigorated from a variety of sources, among them the Gaelic tradition itself, the poetry of Seán Ó Ríordáin... American beat poetry, jazz, and contemporary popular culture... Innti became one of the most prestigious*

---

<sup>14</sup> Cló Uí Chuirreáin, 1975. Díol suntais go ndearnadh athbhaisteadh ar theideal an leabhair sin, mar atá, *Miontragóid Chathrach*, in *Ag Tnúth leis an tSolais*.

<sup>15</sup> Cló Iar-Chonnachta, 2000.

<sup>16</sup> Féach, Gabriel Rosenstock, 'Innti - 30 Bliain ar Aghaidh' ar *Feasta* (Iúil, 2002) 16-7.

<sup>17</sup> Tá ceann de na dánta in *Miontraigéide Cathrach* (féach, lch. 66) tiomnaithe do Gabriel Rosenstock.



*poetry magazines in Ireland. It encouraged emerging poets from the early 1970s onwards, while publishing and appraising work by established poets.*<sup>18</sup>

Má shéid lucht *Innti* - agus, gan amhras, bhí tionchar ollmhór Uí Ríordáin i gceist anseo fosta<sup>19</sup> - an luaithreadh d'aibhleoga filíocht na Gaeilge, rinne cuid mhaith filí óga a ngoradh ag an tine chéanna.<sup>20</sup> Ach chan i gcúrsaí filíochta amháin a d'fhág siad a lorg i gcás Chathail. Ar bhealach, thug siadsan – agus córas oideachais na Gaeilge i gcoitinne – agus na meáin náisiúnta chumarsáide – le fios do Chathail i nganfhiús dó gurbh ionann Gaolainn na Mumhan agus *bétrae na filed*. Tá blas iontach láidir de Ghaolainn na Mumhan ar an chéad chnuasach seo aige. Ní gá mionanailís a dhéanamh ar fhriotail na filíochta ann ná seanbhaile a dhéanamh den scéal. Ní féidir a mhaíomh ach an oiread gur Gaeilge an Chaighdeán atá i gceist seachas Gaolainn na Mumhan gí gurb ionann an bheirt go minic in intinn na gConallach ar chúiseanna áirithe.

Níl rian ar bith den mhír dhiúltach **cha** in *Miontraigéide Cathrach*, an mhír dhiúltach is coitianta go mór fada i gcanúint Chathail.

Ó thaobh an bhriathair de, tá a chuid dánta griognaithe le foirmeacha táite na Mumhan:

- (a)id (3 iol. aimsir láithreach): *táid*, - *bhfuilid*, *tagaid*, *deirid*
- (e)as / - (a)íos (1 u. aimsir chaite): *d'altaíos*, *chuimhníos*, *chualas*, *shantaíos*, *chonacas*, *shónraíos*, *d'ólas*, *d'airíos*, *d'fhiafraíos*
- (e)adar (3 iol. aimsir chaite): *ghluaiseadar*, *dheineadar*
- f(e)ad (1 u. aimsir fháistineach): *pillfead*, *bead*
- f(a)ir (2 u. aimsir fháistineach): *beir* [56]
- (a)imís (1 iol. modh ord.): *suímís*, *líonaimís*, *ligimís* [74]

*táim* in áit *tá*

Féach, fosta, an fhoirm chaite *do shatail mé* [33]

<sup>18</sup> Robert Welch (ed.), *The Oxford Companion to Irish Literature* (Clarendon Press, 1996) 260.

<sup>19</sup> Féach, Frank Sewell, 'Between Staisiún Chaiseal na gCorr and Stantzia Zimá: the Poetry of Cathal Ó Searcaigh' in James Doan and Frank Sewell (eds.), *On the Side of Light: Critical Essays on the Poetry of Cathal Ó Searcaigh* (Arlen House, 2002) 57-86.

<sup>20</sup> Ní miste a rá anseo gur fhreastail Cathal Ó Searcaigh ar cheardlann filíochta i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, fosta, rud a dhlúthaigh a cheangal le 'filí na Mumhan.' Féach, Brian Ó Conchubhair, 'Cathal Ó Searcaigh: Teip agus Téagar na Teangan / Falling Down and Falling Back on Language' in James Doan and Frank Sewell (eds.), *On the Side of Light: Critical Essays on the Poetry of Cathal Ó Searcaigh* (Arlen House, 2002) 167-204.

I gcás na mbriathra neamhrialta, castar na foirmeacha neamhUltacha seo a leanas orainn: *feiscint, feicim, chím, cloisint, cloisim, dheineas, dheineadar, - dearna, - tagann* srl.

Tá foirmeacha na réamhfhocal simplí agus na bhforainmneacha réamhfhoclacha thall is abhus agus tionchar láidir ag an Mhuimhneachas orthu: m.sh. *tré* [51] / *trí* [52], *dom* / *domhsa* [31], *id'*, *istoíche, um, dem'* srl.

Breathnaítear fosta ar an tuiseal tabharthach sna cásanna seo a leanas: *san gcontráth* [33] agus *san gciúinthost* [68].

Ní thráchtfar ar *seanamhná* [24] ná *seana-chiotail* [59] ná ar *eireaball, cad* [29], *ansan* [29, 44], *fós* ná *tuisint*.

Tá sé de chead gan amhras ag file agus ag scríbhneoir úsáid a bhaint as cibé foirm d'fhocal is rogha leis. Níl fiacha air cloí lena chanúint féin agus is minic a cáineadh scríbhneoirí na Gaeilge siocair gur chloígh siad lena gcanúint féin amháin. Ní chuige sin atá mé anseo. Is dóigh liom ag an tráth sin de shaol cumadóireachta Uí Shearcaigh nach raibh machtnamh rómhór déanta aige ar thábhacht a chanúna féin ina chuid filíochta, nach raibh tuigbheáil cheart aige ar fhoirm agus ar stádas na Gaeilge oifigiúla agus go raibh tionchar mór ó thaobh an fhriotail de ag filíocht Ghaeilge na Mumhan air agus lucht saothraithe na filíochta sin.

Ar ndóigh, tá sé ráite ag Cathal Ó Searcaigh go raibh sé iontach míshásta lena chéad leabhar:

'Bhí an oiread sin dearmadaí [ann]... cailleadh an lámhscríbhinn... ní maith liom an leabhar, is *juvenilia* atá ann agus ní maith liom é a fheiceáil, agus áit ar bith a fheicim é, goidim é.<sup>21</sup>

Ach, le himeacht aimsire, tháinig athrú ar fhilíocht Chathail ar chuid mhór bealaí. Ní dhearna sé neamart i gceist na teanga ach an oiread. I léirmheas a scríobh Catherine Foley ar *An Bealach 'na Bhaile*,<sup>22</sup> bhí an méid seo a leanas le rá aici faoi Chathal agus a chuid filíochta:

*Place has a more central role in Ó Searcaigh's book... These poems are littered with references to local places in Donegal, such as Gortachork Post*

---

<sup>21</sup> Agallamh le Cathal Ó Searcaigh in Yvonne Igoe, *An Buachaill Bán: Léamh ar Shaothar Chathail Uí Shearcaigh* (Miontráchtas M.A., Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, 1998) 93.

<sup>22</sup> Cló Iar-Chonnachta, 1993.

*Office, Ardán Aindí, Gleann an Átha and Falcarragh. On almost every page he writes about his home place in the Gaeltacht at the foot of Mount Errigal....*<sup>23</sup>

Más amhlaidh, ar thoradh moille, go bpilleann Cathal ar a áit dhúchais ó thaobh ábhar agus inspioráid a chuid filíochta de, tá an rud céanna ar shlí a ráite faoin úsáid a bhaineas sé as a chanúint féin ar na saolta deireanacha seo. Mar a mholann Seán Ó Ríordáin in *Fill Arís*, pilleann Cathal ar a dhúchas, ar *caint mhiotalach mo dhaoine*,<sup>24</sup> agus aithnítear blas tíorúil Thír Chonaill ar a chuid filíochta.

Leis an scéal sin a chíoradh mar is ceart, breathnófar anseo, i bhfianaise ar dúradh faoin chéad chnuasach aige de thairbhe na canúna de, ar an tsaothar is deireanaí leis, mar atá, *Ag Tnúth leis an tSolais*<sup>25</sup> a bhfuil CD ag gabháil leis, mar atá, an t-údar ag aithris a chuid filíochta féin. Cuideoidh an dá rud sin linn léargas iomlán a fháil ar láimhseáil na canúna ag Cathal sa lá atá inniu ann.

Tá an mhír dhiúltach *cha* ar ais san áit cheart arís ach char cuireadh an ruaig ar *ní* go hiomlán. Tá an mhír dhiúltach *cha* ar cheann de na rudaí is suntasaí faoi Ghaeilge iarthuaisceart Dhún na nGall agus tréas a bheadh ann í a dhíbirt as a shaothar. Coinnítear *ní*,<sup>26</sup> áfach, sa bhriathar substainteach agus sa chopail, rud a tharlaíonn i gcanúint an cheantair sin.

Níl rian sa chnuasach seo de na briathartha mírialta mínádúrtha sin nach dual don Chonallach agus a chuireas fonn aisig air. Ina n-áit sin, tá *tig(-)*, *tchí(-)*, *théid*, *taraigí*, *dhéanfaidh*, *bhéarfaidh*, *cluín* srl. Ceart go leor, baineann sé feidhm as *rinne*, áit a mbíonn siolla amháin [*rinn*] sa chaint ach, sinne a chleachtas briathra mírialta na gConallach a scríobh, nímid an rud céanna de thairbhe nach mian linn géilleadh go hiomlán don fhocal labhartha, chan ionann is an nós a chleachtas lucht bailithe an bhéaloidis a dtuigimid dóibh agus dá gcuspóir.

Níl mórán de na foirmeacha táite fágtha i nGaeilge Thír Chonaill, rud is léir fosta i gcnuasach Chathail.<sup>27</sup> Rinne ceann amháin a bhealach isteach, mar atá, *cuimlímis*,<sup>28</sup> an chéad phearsa, uimhir iolra, modh ordaitheach nach mbeifí ag súil leis.<sup>29</sup> Os a choinne sin arís, féadfaidh sé gur d'aonturas a roghnaigh sé an fhoirm tháite

<sup>23</sup> *Irish Times*, 12.6.93.

<sup>24</sup> 'Portráid den Ghabha mar Ealaíontóir Óg' in *Súile Suibhne* (Coiscéim, 1983) 13.

<sup>25</sup> Cló Iar-Chonnachta, 2000.

<sup>26</sup> Leath. 243.

<sup>27</sup> Féach, Dónall P. Ó Baoill, *An Teanga Bheo* (ITÉ, 1996) 25-6.

<sup>28</sup> Leath. 230.

<sup>29</sup> Féach, Kim McCone, Damien McManus, Cathal Ó Háinle, Nicholas Williams, Liam Breatnach, *Stair na Gaeilge* (Maigh Nuad, 1994) 645.

chaighdeánach sin ar mhaithe le soiléire na brí. Mar shampla, d'fhéadfaí dhá bhrí a bhaint as *cuirimid* i gcanúint Thír Chonaill: an chéad phearsa, uimhir iolra, modh ordaitheach nó an chéad phearsa, uimhir iolra, aimsir láithreach. Tuigtear cé acu den bheirt atá i gceist as an chomhthéacs.

Níl réamhfhocal simplí coimhthíoch ar bith anseo ach áit tugtha do *fríd* agus *fá* arís. Tá na forainmneacha réamhfhoclacha *léithe*, *dithe*, *daofa* agus *domh* beo beathach anseo fosta chomh maith le *dena* (3 u. aid. shealbh.) [267].

Séimhiú atá i réim sa tuis. tabh., uimh. uatha, i dtólamh anois agus *t-* roimh *s-/sl-/sn-/sr-* roimh ghuta, bíodh an t-ainmfhocal bain. nó fir.: *den tseanchóiriú* [215], *den tsíoda* [217], *den tsaol* [239], *sa tsoitheach* [243] srl.

Tá tuis. gin. uimh. uatha fir. Ultach breá le feiceáil in: *máthara* [234], *cisteanadh* [242].

Is léir, áfach, nár athshealbhaigh sé a chanúint dúchais go hiomlán. Cuir i gcás, bíonn an dá rud aige *úd* [215, 217, 220, 221...] agus *adaí* [217], *comh* agus *chomh* (an bheirt ar [238])<sup>30</sup>, *éigin* [215, 298, 300] agus *inteacht* [224, 255, 294, 299], *-óga* [212, 216, 235, 243, 225, 263, 292] agus *-ógaí* [221, 233, 262, 277, 288, 302, 303] san uimhir iolra, *gach* agus *achan* srl.

Ó thaobh an fhoclóra de, castar *sceadamán*, *tábla*, *bomaite*, *tincléirí*, *fosta*, *gnaithe*, *caidé*, *scaifte*, *garradh*, *scíste*, *toiseacht*, *go fóill* srl. orainn.

Sa roinn Ag *Tnúth leis an tSolas 2000*, an chuid is deireanaí dá chuid filíochta sa chnuasach seo, tímid ag imeacht anois is arís é ón chaint dhúchasach Chonallach a chleacht sé leis na blianta. Tá na foirmeacha táite Muimhneacha sin i ndiaidh filleadh m.sh. *tagaid*, *triallaid* [271], briathra mírialta caighdeánacha m.sh. *tagaid* [271], *faighim* [272], *déanann* [285], an forainm réamhfhoclach stráinséartha amach is amach *faram* [285] agus focail agus foirmeacha neamhChonallacha eile ar nós *teastaíonn* [280], *claochló* [290], an tuis. gin. *cistine* [287], *diail* [289], *steillbheathaidh* [272] srl. Is léir sa chuid dheireanach seo dá shaothar go bhfuil cor i dtreo eile tugtha aige arís ó thaobh an fhriotail de agus gur cheart an scéal a fhiosrú tuilleadh.

Maidir le ceist na canúna ar an dlúthdhiosca a théid leis an chnuasach seo, is é Cathal a léann na dánta atá clóbhuailte os a chomhair amach. Rud iontach poiblí atá i léamh seo na filíochta aige agus aithníonn sé go mbaineann an meán seo le pobal mór na

---

<sup>30</sup> An fhoirm oifigiúil is minice aige anois.

cruinne. Tuigeann sé go gcaithfidh sé bheith chomh dílis agus chomh gar agus is féidir d'fhoirm chlóbhuailte na bhfocal, rud a chuireann rithim agus fuaimeanna nádúrtha na canúna agus na cainte dúchasaí as a riocht go dtí pointe áirithe. Ní tógtha air é sin - éilíonn an meán áirithe sin a leithéid de láimhseáil. Go bunúsach, mar sin, canúint Chonallach a chleachtann sé le linn dó bheith ag léamh ach tarlaíonn sé uaireanta go dtréigean sé an fhuaim/fhoirm chanúnach ar mhaithe leis an fhoirm chaighdeánach chlóbhuailte agus uaireanta eile tarraingíonn sé air fuaim/foirm na canúna agus tréigean sé an fhoirm/fhuaim chlóbhuailte.

Agus é sin uilig ráite, níl le rá i ndeireadh na dála fá ghréasán aimhréiteach seo na canúna i bhfilíocht Chathail Uí Shearcaigh ach

*Tá snáithe ár scéil  
in aimhréidh...  
cé go sruthlaímid ár dteanga gach lá  
i dtobar an dúchais.*<sup>31</sup>

Nó, i gcead do *Trasnú*:<sup>32</sup>

Tá muid canúint dhúchasach  
Agus *Standard Language*ach.

\*

\*

\*

\*

[Foilsíodh an aiste ‘Cathal Ó Searcaigh agus Ceist na Canúna’ in *Feasta* (Nollaig, 2007) 19-24, (Eanáir, 2008) 19-21.]

<sup>31</sup> Leath. 277. Dá mbeifí leis an tríú líne den rann sin a scríobh de réir na canúna, is é a bheadh againn:  
*gí go sruthlamaid ár dteangaidh achan lá.*

<sup>32</sup> Ag *Tnúth leis an tSolas* (Cló Iar-Chonnachta, 2001) 277-9.

